# Cáinaisnéis 2021

## Na príomhathruithe leasa shóisialaigh agus na rátaí íocaíochtaí

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs and Social Protection

## €25.13 billiún le caitheamh ar an Leas Sóisialach sa bhliain 2021

**Pinsean Stáit** – An aois cháiliúcháin le fanacht ar 66 bliana d'aois

**Liúntas Breosla** - €3.50 sa bhreis in íocaíocht an Liúntais Bhreosla in aghaidh na seachtaine

**Liúntas Maireachtála Aonair -** méadú €5 in aghaidh na seachtaine

**Cúramóirí** – Deontas Tacaíochta Cúramóra le méadú de €150 go €1,850

**Méaduithe do Leanaí Cáilithe -** méadú €5 sa tseachtain do leanaí atá 12 bhliain d'aois agus níos sine;
- €2 sa tseachtain do leanaí atá suas le 12 bhliain d'aois

**Sochar Breoiteachta** – laghdóidh líon na 'laethanta feithimh' ó 6 lá go 3 lá

**Sochar do Thuismitheoirí** – méaduithe go 5 seachtaine do leanaí a shaolaítear nó a uchtáiltear ón 1 Samhain 2019

**Liúntas Míchumais** – méadófar an neamhaird tuillimh de €20 in aghaidh na seachtaine go €140

**Daoine Faoi Mhíchumas** – deontas €1,000 chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas teacht ar fhostaíocht

**Clár na mBéilí Teo Scoile** – treisiú €5.5 milliún chun cur leis an gclár sa bhliain 2021

**Tairseach na hÍocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht** – méadú €10 ar an tairseach sheachtainiúil (suas le triúr leanaí)

**Tuismitheoirí Aonair i bhFostaíocht** – deireadh le bheith curtha leis an teorainn €425 ón bhfostaíocht

**Tuismitheoirí i mBaintreachas** - méadaíonn an deontas go €8,000 (suas ó €6,000) do pháirtnéirí ar tháinig méala orthu le déanaí

**Liúntas Oileáin -** méadaíonn sé ó €12.70 go €20 in aghaidh na seachtaine

**Tacaí Fostaíochta** – €10 milliún sa bhreis mar mhaoiniú chun cabhrú le daoine filleadh ar an obair, ag féachaint go háirithe don dífhostaíocht i measc na n-óg

**Oibrithe Féinfhostaithe** – is féidir leo suas le €480 in aghaidh na míosa a thuilleamh agus fós Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime a choimeád

**Maoiniú i dtaca le Deontas Tacaíochta Fiontraíochta €1,000 um COVID-19 do dhaoine féinfhostaithe -** méadaithe faoi dhó ó €12m go €24m

**Íocfar Bónas na Nollag i dtosach Mhí na Nollag 2020** – an riachtanas 15 mhí laghdaithe go 4 mhí do dhaoine a fhaigheann Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime agus do Chuardaitheoirí Poist

## Feabhsuithe do Phinsinéirí

- Aois Cháiliúcháin an Phinsin Stáit le fanacht ar 66 bliana d'aois ó Mhí Eanáir - an reachtaíocht le cur i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2020.
- Méadú €5 ó €14 go €19 ar an Liúntas Maireachtála Aonair atá á íoc gach seachtain le daoine atá 66 bliana d'aois agus os a chionn sin agus atá ina gcónaí leo féin - tá os cionn 221,000 pinsinéir, baintreach/baintreach fir agus duine faoi mhíchumas chun tairbhiú de seo.
- Tairbheoidh os cionn 600,000 pinsinéir den Íocaíocht Dhúbailte um Bónas na Nollag.
- Méadóidh an Liúntas Breosla de €3.50 go €28.00 in aghaidh na seachtaine – tá os cionn 375,000 líon tí chun tairbhiú de seo.
- Tá an Liúntas Oileáin (atá á íoc le daoine a chónaíonn ar oileáin áirithe amach ón gcósta) chun méadú go €20 in aghaidh na seachtaine ó Mhí Eanáir – seo méadú €7.30 – an chéad mhéadú ar an Liúntas Oileáin ó tugadh isteach é sa bhliain 2000.
- Íocfar deontas, ar fiú méid suas le €500 é, i dtaca le háiseanna éisteachta gan aon cheanglas ó thaobh an tsuim chéanna a bheith curtha ar fáil ag an gcustaiméir.
- Ní bheidh ceanglas a thuilleadh maidir le maoiniú comhionann ag an gcustaiméir i dtaca le Deisiúchán ar Áis Éisteachta.

## Teaghlaigh agus Leanaí

- Clár na mBéilí Teo Scoile – Suim Bhreise €5.5m i gcomhair an chláir a bheidh ag tosú in Mí Eanáir 2021.
- Méadú €5 do chleithiúnaithe ar leanaí cáilithe iad agus atá 12 bhliain d'aois agus níos sine, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Méadú €2 do chleithiúnaithe ar leanaí cáilithe iad agus atá suas le 12 bhliain d'aois, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Méadaíonn an Sochar do Thuismitheoirí go 5 seachtaine do thuismitheoirí leanaí a shaolaítear nó a uchtáiltear ó Mhí na Samhna 2019 – arb é atá ann ná méadú 3 seachtaine.
- Méadú €10 ar an tairseach sheachtainiúil ioncaim i leith na hÍocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht i dtaca le teaghlaigh a bhfuil suas le triúr leanaí acu – chun cabhrú le tuismitheoirí i bhfostaíocht atá ar ioncam íseal.
- Ní chaillfidh tuismitheoirí aonair i bhfostaíocht a nÍocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a thuilleadh nuair a théann a n-ioncam ón bhfostaíocht thar an teorainn reatha €425. Cuirfear deireadh leis an teorainn €425 seo ó Mhí Aibreáin 2021.
- Maidir le tuismitheoirí atá i mbaintreachas le déanaí agus a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu, gheobhaidh siad deontas €8,000 ó Mhí Eanáir 2021 – arb é a bheidh ann ná méadú €2,000.

## Tacaí le Daoine i bhFostaíocht

- Laghdóidh líon na 'laethanta feithimh' i leith an tSochair Bhreoiteachta ó 6 lá go 3 lá oibre, i dtaca leis na héilimh nua go léir ó dheireadh Mhí Feabhra 2021.
- Méadaíonn an Sochar do Thuismitheoirí go 5 seachtaine do thuismitheoirí leanaí a shaolaítear nó a uchtáiltear ó Mhí na Samhna 2019 – seo méadú 3 seachtaine.
- Méadú €10 ar an tairseach sheachtainiúil ioncaim i leith na hÍocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht i dtaca le teaghlaigh a bhfuil suas le triúr leanaí acu – chun cabhrú le tuismitheoirí i bhfostaíocht atá ar ioncam íseal.
- Ní chaillfidh tuismitheoirí aonair i bhfostaíocht a nÍocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a thuilleadh nuair a théann a n-ioncam ón bhfostaíocht thar an teorainn reatha €425. Cuirfear deireadh leis an teorainn €425 seo ó Mhí Aibreáin 2021.

## Tacú le Cúramóirí agus Daoine faoi Mhíchumas

- Méadú €5 do chleithiúnaithe ar leanaí cáilithe iad agus atá 12 bhliain d'aois agus níos sine, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Méadú €2 do chleithiúnaithe ar leanaí cáilithe iad agus atá suas le 12 bhliain d'aois, sna híocaíochtaí seachtainiúla go léir.
- Méadóidh an Liúntas Breosla de €3.50 go €28.00 in aghaidh na seachtaine – tá os cionn 375,000 líon tí chun tairbhiú de seo.

## Tacú le Cúramóirí agus Daoine faoi Mhíchumas (ar lean)

- An Deontas Tacaíochta Cúramóra is airde riamh, is é sin €1,850 in aghaidh na bliana (méadú €150), le híoc sa bhliain 2021 - rud a rachaidh chun tairbhe do bhreis agus 130,000 cúramóir.
- Méadú €5 ó €14 go €19 ar an Liúntas Maireachtála Aonair atá á íoc gach seachtain le daoine faoi mhíchumas agus atá ina gcónaí leo féin - tá os cionn 221,000 chun tairbhiú de seo.
- Tá an neamhaird tuillimh do dhaoine atá ag fáil an Liúntais Mhíchumais agus atá ag obair chun méadú de €20 go €140 in aghaidh na seachtaine.
- Deontas Nua Oiliúna €1,000 chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas atá ar lorg fostaíochta.

## Tacaí le Daoine atá dífhostaithe nó ar Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime

- Íocfar Bónas na Nollag 100% ar bhonn eisceachtúil i mbliana le daoine a bhfuil Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime á fáil acu agus le daoine a bhfuil Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist ar bhonn coibhéiseach á bhfáil acu le ceithre mhí nó níos mó.
- Beidh oibrithe féinfhostaithe in ann suas le hollmhéid €480 in aghaidh na míosa a thuilleamh agus fós Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime a choimeád.
- Maoiniú i dtaca le Deontas Tacaíochta Fiontraíochta €1,000 um COVID-19 méadaithe faoi dhó go €24 mhilliún.
- Táthar chun an Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha a chur ar fáil do dhaoine féinfhostaithe a mbeidh ar intinn acu a ngnó a atosú ach nach mbeidh in ann é sin a dhéanamh ach ar bhonn uaineach nó ar bhonn teoranta/laghdaithe nuair a fhágfaidh siad Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime.
- Tá €10 milliún á chur ar fáil i leith na dtacaí fostaíochta do dhaoine dífhostaithe, ag féachaint go háirithe don dífhostaíocht i measc na n-óg. Tá an tsuim seo mar bhreis ar an €112 mhilliún a cuireadh ar fáil i bPacáiste na Spreagthaí i Mí Iúil.

## Bónas na Nollag le híoc le 1.5 milliún duine i mbliana

**€349.3 milliún le híoc le faighteoirí fadtréimhseacha leasa shóisialaigh i Mí na Nollag 2020**

Íocfar Bónas na Nollag 100% i Mí na Nollag 2020 le daoine a fhaigheann íocaíochtaí fadtréimhseacha Leasa Shóisialaigh (íocaíocht íosta €20).

**Is iad na daoine a gheobhaidh an Bónas ná na daoine a fhaigheann na híocaíochtaí seo a leanas:**

- Pinsean Stáit agus Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
- Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais, Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra, Sochar Cumais Pháirtigh, Sochar Míthreorach, Liúntas Cúraim Bhaile agus Íocaíochtaí Caomhnóra.
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Liúntas Fadtréimhseach Cuardaitheora Poist, Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist, Sochar agus Liúntas do Bhanchéile Tréigthe agus Cúnamh Feirme.
- Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, Fostaíocht Phobail, Scéim Shóisialta na Tuaithe, TÚS, Tairseach (Gateway) agus Tionscnamh Post, Liúntas Forlíontach Leasa, Liúntas um Chaiteachais Laethúla, Scéim an Choimisiúin Mhaigdiléana.
- Ar bhonn eisceachtúil i mbliana, daoine a bhfuil Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime á fáil acu agus daoine a bhfuil Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist ar bhonn coibhéiseach á bhfáil acu le ceithre mhí nó níos mó anuas.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan seiceáil ar www.gov.ie/deasp agus www.citizensinformation.ie. Cuir glao ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar 071 919 3302 nó 1890 800 024 ó 9 r.n. go 5 i.n., ó Luan go hAoine. Cuir glao ar an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0761 07 4000, 9 r.n. - 8 i.n., ó Luan go hAoine. Is mar threoir amháin atá an Bhileog Fíricí seo agus ní fhéachtar le léirmhíniú dleathach a sholáthar inti.

# An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí Department of Employment Affairs and Social Protection

| Ráta Seachtainiúil Uasta (ón tseachtain dar tús an 4 Eanáir 2021) | Ráta Pearsanta | Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe | Méadú do Leanbh Cáilithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh** | | | Faoi bhun 12 Bhliain d'Aois | 12 Bhliain d'Aois agus níos sine |
| **Pinsean Stáit (Ranníocach)** | | | | |
| - Ráta Pearsanta - Faoi bhun 80 Bliain d'Aois | €248.30 | | €38 | €45 |
| - Ráta Pearsanta - 80 Bliain d'Aois agus níos sine | €258.30 | | €38 | €45 |
| - Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe - Faoi bhun 66 Bliana d'Aois | | €165.40 | | |
| - Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe - 66 Bliana d'Aois agus níos sine | | €222.50 | | |
| **Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)/Sochar do Bhanchéile Tréigthe** | | | | |
| - Faoi bhun 66 Bliana d'Aois | €208.50 | | €38 | €45 |
| - 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois | €248.30 | | €38 | €45 |
| - 80 Bliain d'Aois agus níos sine | €258.30 | | €38 | €45 |
| **Pinsean Easláine** | €208.50 | €148.90 | €38 | €45 |
| **Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail** | €220 | | €38 | €45 |
| **Sochar Míthreorach** | €234 | | €38 | €45 |
| **Sochar Cuardaitheora Poist/Breoiteachta/Sláinte & Sábháilteachta/Díobhála** | €203 | €134.70 | €38 | €45 |
| **Sochar Máithreachais/Atharthachta/Uchtaíoch/do Thuismitheoirí** | €245 | | | |
| **Sochar Báis (An Scéim um Dhíobhálacha Ceirde)** | | | | |
| - Faoi bhun 66 Bliana d'Aois | €233.50 | | €38 | €45 |
| - 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois | €252.70 | | €38 | €45 |
| - 80 Bliain d'Aois agus níos sine | €262.70 | | €38 | €45 |

| Ráta Seachtainiúil Uasta (ón tseachtain dar tús an 4 Eanáir 2021) | Ráta Pearsanta | Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe | Méadú do Leanbh Cáilithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh** | | | Faoi bhun 12 Bhliain d'Aois | 12 Bhliain d'Aois & níos sine |
| **Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)** | | | | |
| - 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois | €237 | | €38 | €45 |
| - 80 Bliain d'Aois agus níos sine | €247 | | €38 | €45 |
| - Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe - Faoi bhun 66 Bliana d'Aois | | €156.60 | | |
| **Liúntas Cúramóra** - Faoi bhun 66 Bliana d'Aois | €219 | | €38 | €45 |
| - 66 Bliana d'Aois agus níos sine | €257 | | €38 | €45 |
| **Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall** | €203 | €134.70 | €38 | €45 |
| **Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)** | €203 | | | |
| **Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora** | €203 | | €38 | €45 |
| **Liúntas Cuardaitheora Poist** - 26 Bliana d'Aois nó níos sine<br>- 25 Bliana d'Aois | €203<br>€203 | €134.70<br>€134.70 | €38<br>€38 | €45<br>€45 |
| **Liúntas Forlíontach Leasa** | €201 | €134.70 | €38 | €45 |
| - 25 Bliana d'Aois | €201 | €134.70 | €38 | €45 |
| - Faoi bhun 25 Bliana d'Aois ag cónaí go neamhspleách le tacaíocht ón Stát | €201 | €134.70 | €38 | €45 |
| - Faoi bhun 25 Bliana d'Aois gan a bheith ag cónaí go neamhspleách | €112.70 | €112.70 | | |
| **Cúnamh Feirme** | €203 | €134.70 | €38 | €45 |

| Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht (ar a dtugtaí Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh tráth) | |
|---|---|
| **Líon an Teaghlaigh** | **Teorainn Ioncaim 2021** |
| **1 leanbh** | €541 |
| **2 leanbh** | €642 |
| **3 leanbh** | €743 |
| **4 leanbh** | €834 |
| **5 leanbh** | €960 |
| **6 leanbh** | €1,076 |
| **7 Children** | €1,212 |
| **8 leanbh nó níos mó** | €1,308 |

| Sochar Linbh | |
|---|---|
| | **Ráta 2021** |
| **Ráta Míosúil** | **€140 in aghaidh an linbh** |

**Cúplaí** – Íoctar Sochar Linbh ar oiread go leith (150%) den ghnáthráta míosúil do gach leanbh.
**Gach ilbhreith eile** – Íoctar Sochar Linbh ar a dhá oiread (200%) den ghnáthráta míosúil do gach leanbh.

| Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile | Ráta Seachtainiúil 2021 |
|---|---|
| **Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach & Neamh-Ranníocach)** | €186 |
| **Liúntas Breosla - Méadú ó Mhí Eanáir 2021** | €28 |
| **Liúntas Maireachtála Aonair** | €19 |
| **Liúntas Oileáin (oileáin áirithe amach ón gcósta)** | €20 |

| Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile | Ráta Míosúil 2021 |
|---|---|
| **Liúntas Cúraim Bhaile** | €309.50 |
| **Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile** | **Ráta Bliantúil 2021** |
| **Deontas Tacaíochta Cúramóra** | €1,850 |
| **Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil – gach leanbh cáilithe atá 4-11 de bhlianta d'aois** | €150 |
| **Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil – gach leanbh cáilithe atá 12 bhliain d'aois agus níos sine** | €275 |
| **Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta** | €8,000 |

| Sochar Breisithe Breoiteachta i leith Asláithreachtaí COVID-19 | | | |
|---|---|---|---|
| Ráta Pearsanta | Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe | Méadú do Leanbh Cáilithe | |
| | | **Faoi bhun 12 bhliain d'aois** | **Os cionn 12 bhliain d'aois** |
| €350 | €134.70 | €38 | €45 |

| Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime COVID-19 | |
|---|---|
| **Olltuilleamh Seachtainiúil roimh an Íocaíocht a éileamh** | **An ráta ón 1 Feabhra 2021** |
| Faoi bhun €300 | €203 |
| Os cionn €300 | €250 |